An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

# An Misean atá againn

**Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin**

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Leathanach 4 | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| Leathanach 5 | Ról an Údaráis Slándála Príobháidí |
| Leathanach 8 | Misean agus Luachanna |
| Leathanach 9 | Bord an Údaráis |
| Leathanach 9 | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| Leathanach 10 | Rialachas Corparáideach |
| Leathanach 13 | Plean Straitéiseach 2019 go 2021 |
| Leathanach 14 | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| Leathanach 27 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 31 | Ár Ráitis Airgeadais |
| Leathanach 32 | Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Leathanach 39 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 41 | Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim |
| Leathanach 42 | Ráiteas faoin Staid Airgeadais |
| Leathanach 43 | Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid |
| Leathanach 44 | Nótaí  leis na Ráitis Airgeadais |
| Leathanach 51 | Aguisíní |
| Leathanach 55 | Teagmháil |

# Ráiteas tosaigh ó Noel Lappin, an Cathaoirleach agus ó Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach



An tUasal Noel Lappin

Is cúis áthais dúinn tuarascáil bhliantúil 2019 an Údaráis Slándála Príobháidí, ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneamar le bliain anuas, a chur i láthair. Rinneamar dul chun cinn nach beag i réimsí áirithe barrthábhachtacha i rith na bliana. Foilsíodh dhá chaighdeán nua, PSA 31:2019 do chonraitheoirí iontrála nua sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais, Slándála Imeachta agus Garda Slándála agus PSA 74:2019, caighdeán nua bainistíochta cáilíochta a thagann in ionad Sr40 sna hearnálacha Slándála Leictreonaí. Leagamar síos an dáta ríthábhachtach maidir le fostaithe san earnáil Slándála Imeachta a cheadúnú agus thugamar faoi chomhairliúchán poiblí maidir leis na riachtanais a bhaineann le conraitheoirí san earnáil Geataí cumhachtaithe a cheadúnú.



An tUasal Paul Scallan

Leanamar d'acmhainní a dhíriú ar chomhlíonadh. Fostaíodh cigire breise i mí Aibreáin agus tá cigire eile beartaithe a bheith ag obair linn i mí Eanáir 2020. Mar gheall ar an obair atá déanta againn ar chomhlíonadh, cúlghaireadh 16 cheadúnas conraitheora agus 10 gceadúnas fostaithe in 2019. Phróiseálamar 14,800 iarratas ar cheadúnas, atá suas 80% le hais 2018, agus filleadh ar ghnáthmhéideanna i ndiaidh thionchar an timthrialla ceadúnais trí bliana a tugadh isteach d'fhostaithe in 2016.

Leagadh amach ár gcuspóirí do 2019 inár bPlean Straitéiseach 2019-2021. I dtuarascáil na bliana seo caite, leagamar béim ar an dúshlán atá romhainn maidir lenár sainordú a chur i gcrích mar gheall ar easnaimh araon i maoiniú agus i bpearsanra. Cuireadh leis an dúshlán sin trí imeacht bheirt bhall den fhoireann ardbhainistíochta i rith na bliana agus chruthaigh sé sin deacrachtaí maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach. Mar thoradh air sin, bhí orainn amlínte do thionscadail áirithe a athsceidealú.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe ar fud na hearnála slándála mar gheall ar an gcúnamh agus an tacaíocht le 12 mhí dhéag anuas. Tá ár gcaidreamh leis na daoine a cheadúnaímid tábhachtach dúinn agus leanfaimid den chaidreamh sin a mhéadú le linn 2020.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tiomantas agus tacaíocht a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus a Roinn, ar fáil dúinn, mar aon leis an nGarda Síochána agus comhlachtaí eile de chuid an Rialtais. Tá an tacaíocht seo ríthábhachtach le go n-éireoidh linn i gcónaí.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as ucht fís agus treoir a chur ar fáil, leis an bhfoireann mar gheall ar a dtiomantas leanúnach dár sainordú agus do gach duine a chuaigh i gcomhar linn chun cuidiú lenár gcuspóirí a bhaint amach i gcaitheamh na bliana.

# Ról an Údaráis Slándála Príobháidí

Tá an t-údarás Slándála príobháidí (an tÚdarás), freagrach as an tionscal slándála príobháidí a rialú agus bhí breis is 44,200 ceadúnas conraitheora agus fostaithe i gcúrsaíocht ag deireadh 2019. Bunaíodh an t-údarás faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011 agus is é an ról atá againn an pobal agus cliaint an tionscail slándála in Éirinn a chosaint. Bainimid é sin amach trí thimpeallacht rialála ardchaighdeáin a chur chun cinn do ghnónna agus daoine aonair atá ag obair sa thionscal slándála trí chóras ceadúnaithe a chur ar fáil atá bunaithe ar chaighdeáin agus cáilíochtaí chuimsitheacha. Oibríonn an tÚdarás i gcomhar le fostóirí agus fostaithe maidir le caighdeáin sa tionscal a ardú le go mbainfidh tomhaltóirí, an pobal agus an tsochaí leas as.



***Oifigí an Údaráis Slándála Príobháidí, Sráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann***

Tá sprioc uaillmhianach againn ár sainordú i leith ceadúnú a chur i gcrích le linn téarma an phlean Straitéisigh reatha a bheidh i bhfeidhm go dtí Samhain 2021. Tá an príomhdháta fógartha againn maidir le fostaithe san earnáil Slándála Imeachta a cheadúnú agus tá sé beartaithe ceadúnú a chur i gcrích i leith fostaithe na hearnála Imscrúdaitheoirí príobháidigh i rith 2020. Leanfaimid leis an obair atá ar bun againn maidir le ceadúnú d'fhostaithe san earnáil Slándála Leictreonaí agus glasadóra agus cuirfear tús le ceadúnú a fhorbairt don dá earnáil conraitheora eile go luath, is iad sin an earnáil Comhairleora Slándála agus an earnáil Soláthraí agus Suiteálaí taisceadán.

I mí Aibreáin 2019, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais go leathnófaí ceadúnú an Údaráis chuig daoine atá i mbun orduithe cúirte a fhorfheidhmiú. Sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, cuireadh tús le hobair a dhéanamh ar na hathruithe reachtacha a theastaíonn d'fhonn ceadúnú a thabhairt isteach sa réimse agus táimid ag súil le fógra breise faoi sin le linn 2020.

Tá córas caighdeán agus cáilíochtaí do shealbhóirí ceadúnais mar bhonn agus thaca ag ár gcóras ceadúnúcháin. Is cuid lárnach den obair a dhéanaimid caighdeáin agus cáilíochtaí nua a fhorbairt agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na cinn reatha. Le linn 2019, d'fhoilsíomar caighdeán nua do na hearnálacha Slándála Leictreonaí, PSA 74:2019, le teacht in ionad Sr 40, an caighdeán a bhí ann le fada sna hearnálacha. Chomh maith leis sin, d'eisíomar eagrán athbhreithnithe de PSA 31, an caighdeán do chonraitheoirí nua sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais, Slándála Imeachta agus Gardaí Slándála. Maidir le cáilíochtaí, chuireamar tús le cláir nua oiliúna a fhorbairt sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais agus Gardaí Slándála.

Príomhchúram tábhachtach inár gcuid oibre i gcónaí is ea iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíocht neamhcheadaithe agus scrúdú a dhéanamh ar shealbhóirí ceadúnais reatha. Ní hamháin gur oibrigh ár bhfoirne cigireachta ar fud na tíre ach rinne siad scrúdú ar roinnt dár sealbhóirí ceadúnais atá lonnaithe thar lear mar chuid den fhaireachán leanúnach a dhéanaimid ar an tionscal slándála.

Cuireadh dúshlán mór roimh an earnáil 'airgead tirim faoi bhealach' i rith na bliana nuair a ceapadh leachtaitheoir chuig ceann de na conraitheoirí airgead tirim faoi bhealach ceadúnaithe atá againn. Mar gheall air sin, tá riosca de thart ar €2 mhilliún i gceist do chistí cliant. Táimid ag coinneáil súil ghéar ar shonraí an cháis seo le go mbeimis in ann bearta ar féidir a thabhairt isteach a aithint chun an baol go dtiocfadh cás dá leithéid chun cinn sna conraitheoirí airgead tirim faoi bhealach eile a laghdú.

Trí fheasacht a ardú faoi cheadúnú cuidítear leis na buntáistí a bhaineann le tionscal slándála rialáilte a chur chun cinn sa phobal. Rinneamar fógraíocht ar fud réimse meán lena n-áirítear raidió, nuachtáin agus irisí trádála chomh maith le freastal ar mhóraontaí agus imeachtaí eile. Leanfaimid de thacú lenár dtionscal trína gcuid seirbhísí a chur chun cinn sa phobal.



# Sracfhéachaint ar 2019

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas(€) |
|---|---|---|---|
| **Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí)** | N/A | 38 | 3,468,000 |
| **Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)** | 13,759 | 48 | 18,408,000 |
| **Glasadóirí** | N/A | 220 | 21,285,000 |
| **Imscrúdaitheoirí Príobháideacha** | N/A | 108 | 13,851,000 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán)*** | 583 | 34 | 47,489,000 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI)** | N/A | 29 | 12,386,000 |
| **Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí)** | N/A | 47 | 5,021,000 |
| **Gardaí Slándála (Socair)** | 26,921 | 184 | 361,354,000 |
| **An Earnáil Slándála Leictreonaí[1]** | N/A | 1,017 | 232,553,000 |
| **Airgead Tirim faoi Bhealach** | 1,292 | 4 | 66,217,000 |
| **Iomlán **** | **42,555** | **1,729** | **782,032,000** |

*San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.*

****Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais.*

1 Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana, TCI agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hEarnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

# Misean agus Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

Is é atá i gceist lenár Misean ná gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

Is é atá i gceist **lenár bhFís** fós ná go gcosnófar leasanna tomhaltóirí le tionscal atá rialáilte agus a bhfuil ardchaighdeáin feidhmíochta agus saineolais ar bun aige. Cloífear leis an bhfís sin trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar gach soláthraí ceadúnaithe agus trí ghníomh spriocdhírithe a dhéanamh in aghaidh daoine a sháraíonn na caighdeáin atá i bhfeidhm. Ta sé mar aidhm againn tionscal a bheith againn;

- Ina mbunathraítear an tionscal chun feabhais a bhuí leis an bhforfheidhmiú láidir a dhéantar ann.
- Ina bhfuil leibhéil fheabhsaithe oiliúna agus oideachais.
- Ina laghdaítear an choiriúlacht.
- Ina gcuirtear ceadúnú i bhfeidhm ina iomláine sna réimsí sin nach bhfuil ceadúnaithe go fóill.

Agus tá sé mar aidhm againn Údarás Slándála Príobháidí a bheith againn;

- A bhfuil dóthain acmhainní aige chun seirbhísí a sholáthar.
- A sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach níos fearr.

Áirítear na nithe seo **lenár Luachanna**, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh;

- Obair i gcomhpháirt lenár dTionscal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do shealbhóirí ceadúnais agus don phobal i gcoitinne.
- Sársheirbhís do custaiméirí a chur ar fáil do shealbhóirí reatha ceadúnais, d’iarratasóirí nua ar cheadúnas agus do thomhaltóirí de chuid seirbhís slándála príobháidí.
- Costais a laghdú.
- Ár ngnó a dhéanamh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus comhréireach.
- A bheith inár bhfostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú ina mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ár mbaill foirne agus ina bhforbróidh siad na scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú de réir a lánchumais agus a lánacmhainne.
- Dlúthchaidrimh oibre a chothabháil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a dtéann sainchúram an Údaráis i bhfeidhm go díreach ar a gcuid gnó nó oibre.
- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal i gcoitinne trína chinntiú go gcuirtear deireadh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoin gcoiriúlacht laistigh dár dtionscal.

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Eilish McCormack** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghach Neamhshainithe |
| **David Smith** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Seamus Burke** | Príomh-Chigire |
| **Lisa Kelly** | Ceann um Cheadúnú |
| **Siobhan Cleary** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Joe Duggan** | Ceann um Ghnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta dá chinntiú go ngníomhaíonn an tÚdarás de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Déanaimid ár ndícheall cultúr dearfach iompair agus rialachais eiticiúil a chothú chun rialú a chur ar fáil. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An cód cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhlachtaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna imeachta airgeadais/nósanna imeachta soláthair poiblí.
- Comhaontú maoirseachta idir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tÚdarás.

Mar aon leis an méid thuas, comhlíonann an tÚdarás gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go cheile. Ar an mbealach sin, cinntíonn sé go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. In 2019, thug an Bord faoi mheastóireacht sheachtrach ar a fheidhmiú i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Spreagaimid comhaltaí an Bhoird, baill foirne agus daoine eile a mbeadh ábhar imní acu maidir leis an gcaoi a riaraimid ár ngnó páirt a ghlacadh sna rialacháin um nochtuithe cosanta agus frith-chalaoise, de réir mar is cuí.

Déanann an Coiste iniúchóireachta agus riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar oibríochtaí airgeadais an Údaráis. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchta ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG). Faigheann an Príomhfheidhmeannach (CEO) tacaíocht ó fhoireann iniúchóireachta an Údaráis chomh maith. In 2019, chuir an tÚdarás iniúchadh inmheánach ar Chosaint Sonraí i gcrích freisin agus achtaíodh Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta nua.

Cuirtear soláthar i gcrích de réir Treoirlínte Soláthair Phoiblí i gcomhairle leis an nGrúpa Straitéise Soláthair sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de réir mar is gá, agus de réir beartas arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Mar chuid dár dtiomantas ár n-oibleagáidí a bhaint amach faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, foilseoimid Ráiteas Dualgais agus plean gníomhaíochta earnála poiblí in 2020.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as comhlíonadh a dhualgas agus as cibé faisnéis i ndáil le comhlíonadh na ndualgas sin atá forordaithe faoi reachtaíocht a thabhairt don Bhord. Ag gach cruinniú, cuireann an CEO réimse doiciméad ar fáil don Bhord, lena n-áirítear tuarascáil um bainistíocht riosca, ráiteas airgeadais, an t-eolas is déanaí maidir leis an bPlean Straitéiseach agus an Plean Gnó a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, agus tuarascáil maidir le cinntí an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Thionóil Bord an Údaráis 5 chruinniú le linn 2019, tugtar achoimre thíos ar thinreamh ag na cruinnithe sin:

| AINM | 28/01/19 | 25/03/19 | 27/05/19 | 23/09/19 | 25/11/19 |
|---|---|---|---|---|---|
| Noel Lappin** | √ | √ | √ | √ | √ |
| Padraic Cafferty | √ | √ | √ | √ | √ |
| Eilish McCormack[2] | √ | √ | √ | √ | √ |
| Alan Durnan* ** | √ | √ | √ | √ | √ |
| John Garry* | √ | √ | χ | √ | √ |
| Sean Heading | χ | √ | √ | √ | √ |
| Geraldine Kelly* | √ | √ | √ | χ | √ |
| John O'Driscoll an Coimisinéir Cúnta | χ | √ | χ | √ | χ |
| Richard O'Farrell* ** | χ | √ | √ | √ | √ |
| Bryan Redmond | √ | *N/A* | *N/A* | *N/A* | *N/A* |
| Christy Walters | √ | √ | √ | √ | √ |
| David Smith[3] | *N/A* | *N/A* | χ | √ | √ |

** Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.*
*** Comhaltaí an Choiste Straitéise/Acmhainní*

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 5 huaire sa bhliain 2019. Áiríodh le gníomhaíochtaí an choiste an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh;

- Bualadh le hoifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Bualadh le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tuarascáil C&AG do 2018.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais 2018.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis Urrúis 2018.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 2018.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta riosca agus clár riosca an údaráis.

Rinne an Coiste tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.

Chomh, maith leis sin, bhunaigh an t-údarás Coiste acmhainní i mí an Mhárta 2019 chun acmhainní atá ag teastáil d'fhonn ár sainordú a chur i gcrích go héifeachtach a aithint. I mí Mheán Fómhair, bunaíodh Coiste Straitéise chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean Straitéiseach a chur ar fáil. Cumascadh an Coiste acmhainní leis an gCoiste seo i mí na Samhna 2019.

Tá rochtain ag comhaltaí an Bhoird ar Fhóram Rialachais IPA agus ghlac comhaltaí páirt i roinnt imeachtaí agus cúrsaí oiliúna i rith na bliana.

[2] Tháinig Eilish McCormack in ionad Siobhan Cleary a d'éirigh as an mBord i mí Eanáir 2019.
[3] Tháinig David Smith in ionad Bryan Redmond a d'éirigh as an mBord i mí Eanáir 2019.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2019

**1,403**
Conraitheoir Ceadúnaithe ag Deireadh na Bliana
(2018: 1,356)

**32,528**
Duine Aonair Ceadúnaithe ag Deireadh na Bliana
(2018: 33,699)

Fógraíodh an Dáta Ceadúnaithe d'Fhostaithe Slándála Imeachta

Foilsíodh dhá Chaighdeán Nua

**€3,381,078**
Ioncam ó Tháillí
(2018: €2,517,375)[4]

**847**
gCás Forfheidhmithe
(2018: 1,109)

Próiseáladh
**14,775**
Iarratas
(2018: 8,240)[4]

**50 Ball Foirne**
(2018: 45)

[4] Léirítear sa laghdú i dtáillí agus in iarratais sa bhliain 2018 tabhairt isteach an cheadúnais 3 bliana do dhaoine aonair sa bhliain 2016.

# Plean Straitéiseach 2019 go 2021

Seoladh an ceathrú Plean Straitéiseach don tréimhse 2019 go 2021, i mí na Samhna 2018, is éard atá i gceist leis an bplean;

- ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh.
- feabhas a chur ar leibhéil ghairmiúlachta inár dtionscal.
- cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal.
- ár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a chothú.

Tríd an bPlean Straitéiseach, cuireadh creat oibre ar fáil dúinn i rith 2019. Trí úsáid a bhaint as an bplean, d'fhorbraíomar Plean Gnó don bhliain trínar cuireadh meicníocht ar fáil dúinn chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. **Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:**

**Sprioc 1: Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.**

**Sprioc 2: A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.**

**Sprioc 3: Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.**

**Sprioc 4: Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.**

**Sprioc 5: Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.**

## Sracfhéachaint ar an mBliain 2019

| |
|---|
| **Sprioc 1: Fógraíodh an príomhdháta maidir le fostaithe Slándála Imeachta a cheadúnú** |
| **Sprioc 1 2: Cúlghaireadh 26 cheadúnas** |
| **Sprioc 1 3: Foilsíodh dhá  chaighdeán nua, PSA 31:2019 agus PSA 74:2019** |
| **Sprioc 1 4: Fógraíocht méadaithe ar an raidió agus sna meáin chlóite** |
| **Sprioc 1 5: Infheistíocht i Sláinte agus Folláine na Foirne** |

# Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 1:

### Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.

**Dul Chun Cinn Rialála**

Aithnítear 8 seirbhís slándála faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, atá faoi réir rialála:

- Maoirseoirí Dorais
- Suiteálaithe Trealaimh Shlándála
- Glasadóirí
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Soláthraithe Foirmeacha Cosanta Iompair
- Sainchomhairleoirí Slándála
- Gardaí Slándála
- Soláthraithe nó Suiteálaithe Taisceadán

Rinneadh roinnt de na hearnálacha sin a fhoroinnt chun cur chun feidhme na rialála a éascú. Mar shampla is foroinnte ina trí chatagóir atá an earnáil suiteálaithe trealaimh shlándála, rud a dtugtar na hearnálacha Slándála leictreonaí air go minic:

- Suiteálaithe Rialaithe Rochtana
- Suiteálaithe TCI
- Suiteálaithe Aláram Ionraidh

Faoi láthair, ceadúnaímid conraitheoirí ar fud 12 earnáil agus fostaithe ar fud 4 chinn. Cuireadh isteach ar dhul chun cinn chun ceadúnú a fhorbairt sna hearnálacha eile in 2019 mar gheall gur imigh baill foirne sinsearacha tábhachtacha sa réimse cáilíochtaí agus caighdeáin. Mar thoradh air sin, níor baineadh amach roinnt amlínte do cheadúnú a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach agus beidh moill i gceist maidir le ceadúnú i réimsí eile mar thoradh air sin. Ina ainneoin sin, rinneamar dul chun cinn maith i réimsí eile. Fógraíodh an príomhdháta maidir le fostaithe san earnáil Slándála Imeachta a cheadúnú, cuireadh obair forbartha chun cinn ar chaighdeáin theicniúla do Rialú Rochtana agus Geataí Cumhachtaithe agus tá riachtanais oiliúna chun fostaithe san earnáil Imscrúdaitheoirí príobháideacha beagnach curtha i gcrích. Tá sé fós mar aidhm againn ár sainordú ceadúnaithe reatha a chur i gcrích laistigh de shaolré an Phlean Straitéisigh.

# Ceadúnú Gnólachtaí

Bhí 1,729 gceadúnas i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana, méadú de 60 le hais na bliana seo caite. Ba sna hearnálacha Slándála leictreonaí a bhí an méadú is mó ag 44. Ina dhiaidh sin bhí an earnáil glasadóra le 33 cheadúnas breise. Ní raibh méadú in aon earnáil eile seachas na hearnálacha Garda Slándála (Faireachán TCI) agus Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí), ceadúnas amháin in aghaidh na hearnála. Tháinig laghdú ar fhigiúirí i gcás na n-earnálacha eile ar fad, seachas amháin san earnáil Garda Slándála (Faireachán Aláraim), a bhí gan athrú.

Mhéadaigh an líon iomlán conraitheoirí a raibh ceadúnas acu ó 1,356 ag tús na bliana go 1,403 an 31 Nollaig 2019. Tá difríocht idir líon na gceadúnas i gcúrsaíocht agus líon na gconraitheoirí ceadúnaithe mar gheall go bhfuil ceadúnais ag conraitheoirí in earnálacha éagsúla.

| | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| **MAOIRSEOIRÍ DORAIS (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ)** | 47 | 43 | 39 | 38 |
| **MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁI-TRIBH CHEAÚNAITHE)** | 52 | 49 | 52 | 48 |
| **GLASADÓIRÍ** | N/A | 162 | 187 | 220 |
| **IMSRÚDAITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA** | 131 | 110 | 115 | 108 |
| **GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR ALÁRAIM)** | 40 | 36 | 34 | 34 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR TCI)** | 31 | 29 | 28 | 29 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ)** | 55 | 49 | 46 | 47 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (SOCAIR)** | 199 | 192 | 190 | 184 |
| **SUITEÁLAITHE SLÁNDÁLA LEICTREONAÍ** | 807 | 930 | 973 | 1,017 |
| **AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH** | 6 | 6 | 5 | 4 |
| **IOMLÁN** | **1,368** | **1,606** | **1,669** | **1,729** |

**Tábla 1 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2019**

Fuarthas 863 iarratas ar cheadúnas conraitheoirí i mbliana, suas ó 664 sa bhliain 2018. Is féidir an t-ardú a chur i leith an timthrialla ceadúnais dhá bhliain, rud a fhágann go mbíonn líon níos airde ceadúnas ag dul as feidhm i mblianta corra faoi láthair. Conraitheoirí ag déanamh iarratas ar a gcéad cheadúnas a bhí i 173 de na hiarratais a fuarthas, síos 2 ar 2018. Bhain 673 iarratas eile le ceadúnais a bhí ag dul in éag a athnuachan agus fuarthas 12 iarratas i ndáil le hearnáil/earnálacha a chur le ceadúnas reatha.

## Athnuachaintí Ceadúnais

Den 714 conraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu le linn na bliana, rinne 673 dhuine amhlaidh faoi dheireadh na bliana. Laghdaigh an ráta neamh-athnuachana ó 11% in 2018 go 6% in 2019. Ba sna hearnálacha Slándála leictreonaí a bhí breis agus leath de na ceadúnais nár athnuadh. Fuaireamar 21 iarratas ar athnuachan sa bhliain 2019 le haghaidh ceadúnais a chuaigh as feidhm sa bhliain 2018.

## Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh

Diúltaíodh do 8 gcinn de na 863 iarratas a fuarthas le linn na bliana. Taisceadh iarratais bhailí i leith 3 cinn díobh sin ina dhiaidh sin. Diúltaíodh do 13 iarratas toisc gur mhainnigh an t-iarratasóir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh. Rinne 6 chonraitheoir achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna a thug an tÚdarás.

Chuir 7 gconraitheoir deireadh lena n-iarratas sula ndearna an tÚdarás cinneadh deireanach ar a n-iarratas. Bíonn claonadh ag conraitheoirí a n-iarratas a tharraingt siar roimh chinneadh diúltaithe ar mhaithe le haisíoc a fháil ar an táille ceadúnais.

## An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

I dtús na bliana, bhí 4 achomharc ann a rabhthas ag fanacht le cinneadh ina leith ón mBord Achomhairc. Rinneadh 6 achomharc eile a thaisceadh leis an mBord Achomhairc le linn na bliana 2019, rud a d’fhág go raibh 10 n-achomharc san iomlán a bhí ag feithimh cinnidh. Sheas an Bord Achomhairc le cinneadh an údaráis in dhá chás agus rinneadh achomhairc a tharraingt siar i 3 chás eile. Bhí 5 chás ag feithimh cinnidh ag deireadh na bliana 2019.

## Ceadúnais Shealadacha

Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua i réimsí TCI agus Aláram Buirgléireachta na hearnála Slándála Leictreonaí ionas gur féidir le conraitheoirí córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a theastaíonn chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú. Ag deireadh na bliana, bhí 47 gceadúnas sealadach i gcúrsaíocht, laghdú de 7 le hais na tréimhse céanna anuraidh.

Fuaireamar 65 iarratas ar cheadúnais shealadacha nua in 2019, ag leanúint den laghdú le dhá bhliain anuas. D’aistrigh 64 conraitheoir ó cheadúnas sealadach chuig ceadúnas iomlán le linn na bliana.




# Táillí Ceadúnais

Fuarthas €1,429,237 i dtáillí ceadúnais conraitheoirí in 2019 i gcomparáid le €1,392,483 in 2018 agus €1,308,837 in 2017 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais 2 bhliain í). Leantar den treocht a bhí ann le blianta beaga anuas ina raibh conraitheoirí ag fógairt láimhdeachas níos mó ag tréimhse na hathnuachana, rud a fhágann go mbogann conraitheoirí chuig bandaí táillí níos airde.

| bliain | láimhdeachas |
|---|---|
| 2016 | €653,971,000 |
| 2017 | €710,155,000 |
| 2018 | €751,123,050 |
| 2019 | €781,555,000 |

**Tábla 2 An Láimhdeachas Conraitheoirí a taifeadadh in iarratais ar cheadúnais idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2019**

Léirítear i dtábla 2 thuas gur lean an tionscal slándála ag fás ar aon dul le fás geilleagrach na tíre. Tuilleadh fianaise ar an bhfás sin is ea méadú sa líon conraitheoirí ceadúnaithe sa bhliain 2019.




**Fíor 1 Forbhreathnú ar láimhdeachas conraitheoirí de réir earnála sa bhliain 2019**

# Ceadúnú Fostaithe

Bhí iarratais ar athnuachan á ndéanamh arís in 2019 gan aon iarratas a bheith á dhéanamh in 2018 mar gheall ar an gceadúnas 3 bliana a thabhairt isteach in 2016. Bunaithe ar thaithí roimhe seo, bhíomar ag súil le laghdú mór a fheiceáil i líon na gceadúnas mar gheall go raibh an bhliain seo ar an gcéad bhliain athnuachana sa timthriall ceadúnais 3 bliana, ach níor tharla sé sin. B'ionann an ráta athnuachana  don bhliain agus 51% a dhéanann comparáid mhaith leis an ráta 57% a taifeadadh in 2016, an bhliain dheireanach inchomparáide sa timthriall ceadúnais.

Bhí 32,528 sealbhóir ceadúnais aonair ag deireadh mhí na Nollag, laghdú 1,171 ar 2018. Thit líon na gceadúnas earnála ó 43,711 go 42,555, laghdú 1,156.

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Chead-únaithe) | 11,062 | 11,653 | 14,231 | 13,759 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 22,678 | 23,860 | 27,902 | 26,921 |
| Gardaí Slándála (Lárionad Fai-reacháin) | n/a | n/a | n/a | 351 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 924 | 1,034 | 1,227 | 1,292 |
| Iomlán | **34,664** | **36,547** | **43,711** | **42,555** |

**Tábla 3 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2019**

Tá méadú i líon na sealbhóirí ceadúnais san earnáil Gardaí Slándála (Lárionad Faireacháin) i gceist mar gheall ar mheascán d'obair comhlíonta spriocdhírithe san earnáil i ndiaidh an ceadúnú a thabhairt isteach i mí an Mheithimh 2018 agus géilleadh a cuireadh ar fáil do shealbhóirí ceadúnais a raibh ceadúnas Garda Slándála (Socair) acu, go bhféadfaidís aistriú chuig an gceadúnas faireacháin nuair a dhéanfaí an ceadúnas a athnuachan.

# Táillí Ceadúnais

B'ionann líon na dtáille ceadúnais daoine aonair agus €1,951,841 le hais €1,124,893 in 2018 agus €1,831,547 in 2017. Tá an méadú le hais 2018 ann mar gheall ar an timthriall ceadúnais trí bliana a thabhairt isteach agus ní raibh aon cheadúnas le hathnuachan le linn 2018 dá bharr sin.  B'ionann na táillí sa bhliain dheireanach inchomparáide, 2016, agus €1,985,352.

# Iarratais ar Cheadúnais

Bhí 56% de na ceadúnais ar fad le hathnuachan in 2019, rud a d'fhág go raibh sí ar an mbliain ba ghnóthaí sa timthriall ceadúnais 3 bliana. Fuaireamar líon iomlán de 15,566 iarratas faoi leith i gcaitheamh na bliana ina raibh 6,847 iarratas céaduaire agus 8,719 athnuachan. Diúltaíodh do 1,654 (11%) de na hiarratais ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear doiciméadacht tacaíochta neamhleor, doiciméid nár comhlánaíodh i gceart agus íocaíocht in easnamh. Rinneadh an chuid is mó de na hiarratais diúltaithe a thaisceadh an athuair ina n-iarratais bhailí.

## Diúltuithe agus Achomhairc

Dhiúltaíomar do 60 iarratas in 2019 atá ina laghdú ar 196 in 2018. Ba é an príomhchúis arís gur diúltaíodh d'iarratais ná toisc nár cuireadh próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i gcrích.

Féadfaidh daoine aonair atá míshásta leis an mbreith uainn achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach. Rinneadh 10 n-achomharc le linn na bliana agus bhí 12 achomharc a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018 agus a raibh breith le tabhairt orthu. Faoi dheireadh na bliana, thug an Bord Achomhairc breithiúnas ar 6 achomharc. Sheas sé leis an mbreith uainn in 5 chás agus chuir sé an breith uainn ar ceall i gcás amháin. Rinneadh trí achomharc a tharraingt siar.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Cuid lárnach den phróiseas ceadúnaithe is ea grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Déantar gach iarratasóir ar cheadúnas a ghrinnfhiosrú agus déantar na torthaí a mheasúnú le hais na dtreoirlínte atá againn maidir le duine cuí oiriúnach. I gcás sealbhóirí ceadúnais reatha, tá timthriall ath-ghrinnfhiosrúcháin curtha i bhfeidhm againn. Trí chóras grinnfhiosrúcháin nua ar líne a bheith tugtha isteach ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, chuireamar tús le haistriú chuig timthriall ath-ghrinnfhiosrúcháin 3 bliana ag deireadh na bliana 2019. Beidh sé sin lánfheidhmeach in 2020 agus déanfar grinnfhiosrúchán ar gach sealbhóir ceadúnais uair amháin i ngach timthriall 3 bliana dá bharr.




# Sprioc 2:

## A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin chead-únúcháin.

Príomhchuspóir dár sainordú is ea faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí agus comhlíonadh na rialachán faoina rialaítear ceadúnúchán. Mhéadaíomar an chigireacht in 2019 agus beidh tuilleadh méadaithe i gceist in 2020. Chomh maith leis sin, bhaineamar leas as seirbhísí soláthraithe seachtracha i gcaitheamh na bliana chun cuidiú linn leis an obair i ndáil le comhlíonadh.

Foinse mhór don obair chigireachta a dhéanaimid is ea tuairiscí faisnéise a fhaightear ón tionscal agus ón bpobal. Tríothu sin, cuirtear uirlis fíorúsáideach ar fáil dúinn chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh agus na hacmhainní cigireachta atá againn a spriocdhíriú. Fuaireamar 437 tuairisc faisnéise sa bhliain 2019 i gcomparáid le 444 an bhliain roimhe sin. Níor imscrúdaíodh 26% (114) de na cásanna a fuarthas toisc gur imscrúdaigh an t-údarás cheana iad, toisc go raibh an fhaisnéis a fuarthas easnamhach nó toisc go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir cheana féin. I gcás nach ndéanaimid tuairiscí faisnéise a imscrúdú, coinnítear an fhaisnéis agus má fhaightear tuairiscí eile faoin ábhar céanna a fuarthas, déantar iad a athbhreithniú chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a thosú.




**Fíor 2 Forbhreathnú ar chásanna forfheidhmithe de réir earnála in 2019**

# Comhlíonadh i measc Conraitheoirí

Rinneamar 150 cigireacht ar chonraitheoirí, suas ó 132 in 2018, ar lena linn a thugamar cuairt ar shealbhóirí ceadúnais agus a d'iniúchamar a dtaifid chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. Trí na cigireachtaí, leantar de ráta ard a léiriú maidir le neamhchomhlíonadh i leith na gcaighdeán ceadúnaithe a leagtar amach. Tá laghdú tagtha ar líon na gconraitheoirí lánchomhlíontacha ó 25% sa bhliain 2017 go 19% anuraidh agus mhéadaigh an céatadán de neamh-chomhréireachtaí chatagóir 1, an catagóir is tromchúisí, ó 47% go 64% le linn na tréimhse dhá bhliain céanna.

Ag deireadh 2019 chuireamar tús le hobair a dhéanamh ar thairiscint do sheirbhísí iniúchóireachta. Eisíodh iarratas ar léiriú spéise i leith seirbhísí iniúchóireachta agus fuarthas 10 bhfreagra. Tá sé mar aidhm againn córas deimhnithe nua a chur i bhfeidhm sa chéad leath de 2020 a bheidh ina chéad chéim chun dul i ngleic leis na fadhbanna maidir le neamhchomhréireacht a aithníodh le linn cigireachtaí.

| Torthaí | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| An % a bhí Lánchomhlíontach | 25% | 22% | 19% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 1 | 47% | 62% | 64% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 2 | 15% | 5% | 9% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 3 | 3% | 3% | 3% |
| An % de chásanna ina bhfuil an Chigireacht ar Siúl | 10% | 8% | 5% |

**Tábla 4 Rátaí Comhlíonta i gCigireachtaí ar Chonraitheoirí**

Gach bliain, tugaimid faoi líon tionscadal maidir le comhlíonadh atá dírithe ar réimsí ina bhfuil ábhar imní againn faoi chomhlíonadh nó réimsí inar chuir páirtithe leasmhara sa tionscal a n-ábhar imní in iúl dúinn. Mar chuid de na tionscadail ar tugadh fúthu in 2019, rinneadh cuardach mionsonraithe ar gach ardán fógraíochta ar líne d'fhonn conraitheoirí neamhcheadúnaithe a aithint a bhí ag cur suiteáil agus cothabháil aláram buirgléireachta, TCI agus córas rochtana rialaithe ar fáil. Sa taighde tosaigh, aithníodh 1,217 conraitheoir ag cur seirbhísí ar fáil trí chainéil ar líne. Bhí ceadúnas ag a bhformhór mór ach i gcásanna áirithe, ní raibh roinnt ainmneacha trádála ar thaifead an Údaráis. Aithníodh 163 díobh a d'fhéadfadh a bheith ina gconraitheoirí neamhcheadúnaithe. Mar sin féin, léiríodh trí anailís bhreise nach raibh an chuid ba mhó díobh ag trádáil a thuilleadh nó nach raibh baint ag na seirbhísí a chuir siad ar fáil le gníomhaíocht incheadúnaithe. Den 1,217 conraitheoir a aithníodh ar dtús, cuireadh 18 ar aghaidh chuig ár gcigirí chun imscrúdú a dhéanamh orthu faoi dheireadh na bliana.

Le linn shamhradh na bliana 2019, chuir cigirí an Údaráis roinnt cigireachtaí réamhfhógartha agus neamhfhógartha ar imeachtaí i gcrích, lena n-áirítear Electric Picnic, Féile Longitude, Féile Forever Young agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, d'fhonn comhlíonadh le ceanglais ceadúnúcháin a chinntiú i measc conraitheoirí Slándála Imeachtaí. Trí na cigireachtaí, aithníodh roinnt réimsí neamhchomhréireachta le PSA 39:2014, caighdeán de chuid an Údaráis. I ndiaidh na gcigireachtaí, tugadh cuireadh do gach conraitheoir Slándála imeachtaí freastal ar fhóram in éineacht leis an Údaráis i mí Mheán Fómhair.

## Ceannaitheoirí Slándála

Gné an-tábhachtach dár gcuid oibre comhlíonta is ea a chinntiú nach bhfostaíonn ceannaitheoirí ach conraitheoirí slándála príobháidí agus daoine aonair atá ceadúnaithe. Go dtí seo, tá an chumhacht chun ceannaitheoir de chuid soláthraí neamhcheadúnaithe seirbhíse slándála a ionchúiseamh ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí i gcomhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin a chinntiú. Cé nach n-úsáidtear é go minic, is gnách gur leor bagairt an ionchúisimh chun comhlíonadh rialála a chinntiú. D'imscrúdaíomar 281 chás lenar bhain ceannaitheoirí sa bhliain 2019. Aimsíodh 6 chás (2018:13) lenar bhain seirbhísí neamhcheadúnaithe, ar dá mbarr a foirceannadh na conarthaí a bhí ag soláthraithe neamhcheadúnaithe.

Faoin am ar tháinig deireadh le conarthaí na gcigirí seachtracha i mí an Mhárta, bhí cuairt tugtha acu ar 257 áitreabh gnó ar fud na tíre chun comhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin a chinntiú agus chun teachtaireacht an Údaráis a scaipeadh ar an bpobal gnó. Cuirfear tús le conradh nua do sheirbhísí in 2020.

Chomh maith leis sin, d'fhostaíomar beirt imscrúdaitheoirí príobháideacha ceadúnaithe chun cuidiú le conraitheoirí neamhcheadúnaithe ag obair ar líne agus trí na meáin shóisialta a aithint.

## Comhlíonadh Daoine Aonair

Sa bhliain 2019, rinneadh 1,030 cigireacht neamhfhógartha ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 98.5% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

| Sonraí | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Láithreacha cigireachtaí | 65 | 70 | 135 |
| Áitribh ar Tugadh Cuairt orthu | 510 | 520 | 1,030 |
| Áitribh ina bhfuil Slándáil | 341 | 336 | 677 |
| Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí | 142 | 254 | 396 |
| Atá comhdhéanta de Bhaill Foirne Inmheánacha | 198 | 83 | 281 |
| Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí agus de Bhaill Foirne Inmheánacha | 7 | 14 | 21 |
| Baill Foirne Slándála ar thángthas orthu | 1,081 | 642 | 1,723 |
| Comhlíonadh Suaitheantais Aitheantais | 98% | 99% | 98.5% |

**Tábla 5 Sonraí faoi Chigireachtaí ar Dhaoine Aonair don bhliain 2019**

# Gníomhartha um Chomhlíonadh

Faoin reachtaíocht atá orainn, foráiltear do réimse gníomhartha is féidir linn a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin, lena n-áirítear ionchúiseamh, ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí nó fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint. Sa bhliain 2019, thugamar dhá ionchúiseamh os comhair na gcúirteanna agus tabharfar iad sin chun críche sa bhliain 2020. De bhreis air sin, cúlghaireadh a gceadúnas i gcás 11 chonraitheoir agus 14 dhuine aonair agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás conraitheoir amháin agus duine aonair amháin. Eisíodh 39 bhfógra forfheidhmiúcháin sa bhreis chuig sealbhóirí ceadúnais sa bhliain.

Foráiltear le hAlt 39 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí do shásra faoina bhféadfadh duine gearán foirmiúil a dhéanamh ina aghaidh sealbhóir ceadúnais. Fuarthas 13 gearán den sórt sin sa bhliain 2019. I 5 chás, níor sheas an tÚdarás leis an ngearán agus, i gcás amháin sheas sé leis an ngearán. Bhí 2 chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

| Gníomh | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| Comhairle | 6 | 1 |
| Foláireamh | 5 | 5 |
| Rabhadh | 18 | 30 |
| Iomardú | 1 | 3 |
| Fionraí | 10 | 2 |
| Cúlghairm | 36 | 25 |
| Ionchúiseamh | 2 | 2 |

**Tábla 6 Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh sa bhliain 2019**






# Sprioc 3:

## Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.

## Caighdeáin

Faoin reachtaíocht atá orainn, éilítear orainn na caighdeáin agus na cáilíochtaí a shonrú atá le baint amach ag iarrthóirí ar cheadúnais agus ag sealbhóirí ceadúnais. Chomh maith le caighdeáin agus cáilíochtaí a fhorbairt, déanaimid athbhreithniú ar na cinn reatha lena chinntiú go mbaineann siad amach ceanglais na timpeallachta rialála. I mí Mheán Fómhair, thugamar isteach eagrán nua den Doiciméad PSA 31:2019, do riachtanais chéim 1 do Chonraitheoirí sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe), Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí), agus Garda Slándála (Socair), PSA 31:2019. Leagtar amach sa doiciméad an ceanglas i leith conraitheoirí nua atá ag dul isteach sna hearnálacha sin den chéad uair.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Sr40:2006, an caighdeáin rialaithe cáilíochta do na hearnálacha slándála leictreonaí, tugadh isteach caighdeán nua de chuid an Údaráis, PSA 74:2019, in ionad an doiciméid sin i mí Dheireadh Fómhair.

Cuireadh obair ar an gcaighdeán teicniúil nua don earnáil rialaithe rochtana i gcrích i mí na Nollag agus tá sé beartaithe é a fhoilsiú go luath sa bhliain 2020. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí maidir le caighdeán teicniúil do gheataí cumhachtaithe a shuiteáil agus a chothabháil i mí an Mheithimh agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar an doiciméad faoi láthair.

Chomh maith leis sin, bhunaíomar grúpa oibre i gcaitheamh na bliana chun na riachtanais a bhreithniú maidir leis an earnáil Sainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú. Táthar ag súil conraitheoirí san earnáil sin a cheadúnú le linn 2020.

## Oiliúint

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí in 2018 maidir le daoine aonair san earnáil Slándála Imeachtaí a cheadúnú, fógraíodh an príomhdháta i ndáil le ceadúnú i mí Mheán Fómhar, is é an príomhdháta sin an 1 Márta 2020. Chríochnaigh an grúpa oibre a bhí ag iniúchadh na gceanglas oiliúna ar dhaoine aonair atá ag obair san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a chuid oibre agus táthar ag súil ceadúnú a thabhairt isteach le linn 2020. Chomh maith leis sin, bunaíodh grúpa oibre chun fiosrú faoi chúrsa oiliúna a fhorbairt do ghlasadóirí.

Rinneamar roinnt cigireachtaí ar sholáthraithe oiliúna i rith na bliana lena chinntiú go bhfuil doiciméad ceanglas ar sholáthraithe oiliúna an Údaráis (tp1:2018) á chomhlíonadh. Tá ár gcaidreamh le soláthraithe oiliúna neartaithe go mór ó bhunaíomar an Fóram do sholáthraithe oiliúna in 2016.

# Sprioc 4:

## Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.

Tá cumarsáid lenár sealbhóirí ceadúnais, páirtithe leasmhara tionscail, a gcliaint agus an pobal i gcoitinne tábhachtach dúinn. Reáchtálamar réimse feachtas faisnéise poiblí ar an raidió, i nuachtáin agus in irisí trádála agus dhíríomar aird ar réimsí inar aithníomar go raibh gá le teagmháil a dhéanamh. D'fhreastalaíomar ar líon áirithe móraontaí, cuid acu dírithe ar an tionscal ar nós ISeC2019 agus Securitytwenty19, agus cuid eile a raibh lucht spéise níos leithne i gceist leo ar nós Mallow Home and Garden Festival.

Chuireamar tús leis an bpróiseas chun fóraim chomhairliúcháin a bhunú do na hearnálacha éagsúla a cheadúnaímid. Aithníodh Fóram an Ionaid Náisiúnta Faireachais a bheith ar an bhfóram comhairliúcháin i leith faireachais agus tá cruinniú de chonraitheoirí Slándála Imeachtaí i mí Mheán Fómhair bunaithe ar an bhFóram Slándála imeachtaí a thiocfaidh le chéile ar bhonn rialta. Tá sé beartaithe fóraim eile a bhunú in 2020.

D'fhoilsíomar 6 eagrán dár ríomhiris "PSA Watch" le linn na bliana. Tá an ríomhiris fós ina bhealach éifeachtach chun faisnéis faoi na príomhimeachtaí, nuashonruithe tábhachtacha agus fógraí suntasacha ón tionscal a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

In 2019 rinneamar dhá shuirbhé trí amárach research. Bhí an chéad cheann ina shuirbhé ar ár sealbhóirí ceadúnais conraitheora chun a gcuid tuairimí a lorg maidir le rialú agus an tionscal slándála príobháidí. Sa dara ceann, a bhí dírithe ar an bpobal i gcoitinne, rinneadh iarracht feasacht an phobail a thomhas maidir le rialú sa tionscal slándála príobháidí mar aon le haithne ar an Údarás mar rialálaí an tionscail. Foilseofar torthaí na suirbhéanna sa tuarascáil bhliantúil agus bainfear leas astu inár bpleananna gnó do 2020.

# Sprioc 5:

## Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht

Tá meas againn ar ár bhfoireann agus táimid díograiseach faoi thacú lena bhforbairt agus folláine. Gan iad, ní fhéadfaimis an timpeallacht rialála atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaint amach. Ghlac baill foirne páirt i réimse cúrsaí oiliúna, seimineáir agus imeachtaí folláine le linn na bliana agus leanfaimid d'infheistiú ina bhforbairt. I rith na bliana, tháinig méadú sa líon ball foirne ó 45 (Fte1 41.1) go 50 (Fte 45.82) mar fhreagra ar mhéadú sa mhéid oibre agus acmhainní a bheith ag teastáil don Phlean Straitéiseach.

Ceann de na hathruithe ba mhó a tharla san eagraíocht ab ea an tseirbhís freagartha gutháin a sheachfhoinsiú i mí na Nollag 2018. Baineadh buntáistí móra amach trí sin a dhéanamh. Tá glaonna á bhfreagairt go gasta anois agus déileáiltear leo mar is cuí le linn don fhoireann bheith in ann díriú ar cheadúnú agus ar iarratais a phróiseáil. B'fhiú na buntáistí do na custaiméirí agus don Údarás araon.

Mar chuid de thionscnamh Seirbhíse poiblí níos leithne, thionólamar Seachtain Nuálaíochta i mí na Samhna inar iarradh ar an bhfoireann a dtuairimí a chur in iúl agus athruithe a mholadh chun cuidiú linn an chaoi a n-oibrímid agus an tseirbhís a chuirimid ar fáil a fheabhsú. Fuarthas réimse leathan moltaí lena n-áirítear ár nósanna imeachta a fheabhsú, úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht, an modh idirghníomhaithe le custaiméirí, an foirgneamh, sláinte agus folláine i measc moltaí eile. Bunaíodh grúpa forfheidhmithe ina bhfuil baill foirne agus an bhainistíocht chun na moltaí a chur chun cinn.

5CL = Coibhéis lánaimseartha, rud ina gcuirtear san áireamh baill foirne a bhfuil pátrúin dhifriúla chomhroinnte oibre acu.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

## Bainistíocht Riosca

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird (ARC) le chéile cúig huaire sa bhliain 2019. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí.

Soláthraíonn Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i gleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus á athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnaithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe;

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bhainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. Tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Bearta Breise Rialaithe

Áiríodh leis na bearta breise rialaithe le linn 2019 iniúchadh comhlíontachta athbhreithnithe inmheánaigh le ceanglais GDPR laistigh den Údarás.

## Soláthar

Sa bhliain 2019, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt an Comhionannais i dtaca le sonraisc a íoc.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2019 a chur i gcrích sa bhliain 2020. De bhreis air sin, i ndiaidh próisis tairisceana in 2019, ceapadh feabhas an Bhoird chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an mBord agus cuireadh na torthaí i láthair don Bhord ag cruinniú mhí na Samhna. Chuir Cathaoirleach an Bhoird a lámh le Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2019 ag an gcruinniú Boird a cuireadh ar siúl an 25 Bealtaine 2020.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2019 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais. Rinne an Bord breithniú ar an gClár Rioscaí ag a chruinniú i mí na Samhna 2019. Níl aon saincheisteanna rialaithe inmheánaigh ann atá le tuairisciú.

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchóireacht ar an Údarás le linn na bliana. Tá achoimre ar a dtorthaí agus moltaí, chomh maith leis an ráiteas bainistíochta agus stádas reatha le fáil sna leathanaigh seo a leanas. Níl ach mír amháin ann nár dúnadh ag deireadh na bliana. Baineann sé sin le moladh ó oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go ndéanfaí ceadúnais a eisítear in aon tréimhse a réiteach leis an ioncam sa tréimhse sin. Teastaíonn obair shuntasach a dhéanamh ar ár gcórais airgeadais agus TF chun an moladh sin a chur i bhfeidhm. Táimid ag cur an moladh sin chun cinn in éineacht leis an Roinn faoi láthair.

Noel Lappin Cathaoirleach
25 Bealtaine 2020

# Moltaí agus Tuairimí an Lucht Bainistíochta ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí 2019 (IAU) agus ó Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (CAG) le stádas an 31 Nollaig 2019

| | Moladh | Tuairim an Lucht Bainistíochta | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|
| IAU1 | Nuair a dhéantar íocaíochtaí leasa foirne le mionairgead, ba chóir nóta cúlra gairid agus údarú a ghreamú leis an bhfáltas a choinnítear. | Nuashonraíodh nósanna imeachta agus lámhleabhair inmheánacha. | Dúnta |
| IAU2 | Ba chóir don fhoireann ar fad, go háirithe ceadaitheoirí éileamh T&C, a chur ar an eolas faoi na rialacha maidir le míleáiste i ndáil le taisteal do chúrsaí oiliúna. | Cuireadh gach ball foirne den Údarás ar an eolas faoi rátaí míleáiste na Státseirbhíse ar an 14 Lúnasa 2019. | Dúnta |
| IAU3 | Ba chóir iniúchadh ar chomhlíonadh le GDPR a chur i gcrích i ndeireadh 2019 nó go luath in 2020. | Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) iniúchadh maidir le cosaint sonraí i gcrích in 2018. Tá sé mar aidhm ag an Údarás iniúchtaí neamhspleácha maidir le cosaint sonraí a chur i gcrích uair amháin in aghaidh thimthriall 3 bliana. Beidh an chéad iniúchadh eile ar siúl roimh dheireadh 2021. Tugadh faoi iniúchadh inmheánach ar chomhlíonadh agus nósanna imeachta GDPR i mí Dheireadh Fómhair 2019 freisin. | Dúnta |
| IAU4 | Ba chóir an ráiteas agus na nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm in 2019. | Cuireadh athbhreithniú ar Ráiteas agus ar nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta an Údaráis i gcrích i Samhain 2019. | Dúnta |
| C&AG1 | Níl an tÚdarás ag comhlíonadh an reachtaíocht rialachais ina leith chun ceadú a lorg agus a fháil do leagan amach a chuid cuntas. Ba chóir don údarás céimeanna a ghlacadh é a fháil mar a ordaítear faoin reachtaíocht. | Fuarthas deimhniú ón Roinn an 4/11/19 chun cead a chur in iúl maidir le leagan amach na gcuntas thar ceann an Aire. | Dúnta |
| C&AG2 | Téann an tÚdarás i gcomhairle leis an DJE le socrú a dhéanamh chun táillí ceadúnais a bailíodh ag deireadh mhí na Nollag a íoc leis an DJE roimh dheireadh na bliana. Glactar leis, mar gheall ar shocruithe riaracháin sa dá chomhlacht go bhféadfadh sé nach féidir an t-airgead ar fad a chur ar aghaidh ach ba chóir go bhféadfaí formhór an airgid a chur ar aghaidh roimh dheireadh na bliana. | Tá nósanna imeachta nua i bhfeidhm laistigh den Údarás. Mar atá ordaithe, déanfar an lóisteáil dheiridh chuig an DJE i lár mhí na Nollag 2019. | Dúnta |
| C&AG3 | Ní réitíonn líon iomlán na gceadúnas a eisíodh le hioncam na dtáillí ceadúnais. Ba chóir don Údarás leanúint de dheiseanna a lorg chun an réiteach a bhaint amach ós rud é gur trí leibhéal ard rialaithe a chinntítear go bhfaighidh an tÚdarás an t-airgead ar fad atá dlite dó as ceadúnais a eisítear thar a ceann. | Tá an tÚdarás i mbun comhairle le Rannán IM&T na Roinne maidir le córas réitigh íocaíochtaí a fhorbairt. Nuair a chríochnófar é, ba chóir go mbeadh an córas in ann tuairiscí níos mionsonraithe a chur ar fáil faoi shonraí maidir le híocaíochtaí. | Ar siúl |




208.87
0.00
25,187.70
210.95
149.16
23.26
1.41%
18.92





# ÁR RÁITIS AIRGEADAIS

## Ráitis Airgeadais
## An tÚdarás Slándála Príobháidí
### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Leathanach 32 | Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Leathanach 39 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 41 | Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim |
| Leathanach 42 | Ráiteas faoin Staid Airgeadais |
| Leathanach 43 | Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid |
| Leathanach 44 | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) ar bun faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011. Ceapadh an Bord Reatha i mí na Samhna 2017 ar feadh téarma ceithre bliana. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 de na hAchtanna.

Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm aige leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2018. Sa chomhaontú maoirseachta sin, sainítear an caidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí comhaontaithe don bhliain.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. D'fhoilsigh an Bord an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2019 – 2021 i mí na Samhna 2018. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an tÚdarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh a theacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Tá na comhaltaí Boird tiomanta dá chinntiú go ngníomhóidh siad de réir an dea-chleachtais rialachais. I dteannta an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór do na comhaltaí Boird cloí leis na nithe seo a leanas freisin;

- Treoirlínte Rialachais Ginearálta,
- An Cód Iompair Ghnó,
- Eitic in Oifigí Poiblí,
- An Beartas um Nochtadh Cosanta
- Na forálacha neamhnochta de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí,

Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna ar chlár oibre na gcruinnithe Boird:

- Dearbhú Leasanna,
- Miontuairiscí cruinnithe,
- Tuarascálacha coiste,
- Tuarascálacha airgeadais/ Cuntais bhainistíochta,
- An Clár Rioscaí,
- An Plean Gnó Bliantúil agus an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach.

Ag cruinnithe Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí go rialta ar nithe oibriúcháin, ar chur chun feidhme bheartas an Bhoird, ar nithe buiséadacha agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile.

Ceanglaítear le halt 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí ar an bPríomhfheidhmeannach, faoi stiúir ag an mBord, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith. Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, le linn dó déanamh amhlaidh, ní mór don Bord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar é sin ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir gach bliain.

Cuireadh Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2019 i gcrích.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráiteas airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2019.



## Struchtúr an Bhoird

Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an bord reatha a cheapadh an 9 Samhain 2017. Is é seo a leanas liosta de na comhaltaí Boird ag an 31 Nollaig 2019;

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Eilish McCormack** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghach Neamhshainithe |
| **David Smith** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

Tháinig an Bord le chéile 4 huaire sa bhliain 2019, Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 28/01/19 | 25/03/19 | 27/05/19 | 23/09/19 | 25/11/19 |
|---|---|---|---|---|---|
| Noel Lappin | √ | √ | √ | √ | √ |
| Padraic Cafferty | √ | √ | √ | √ | √ |
| Eilish McCormack | √ | √ | √ | √ | √ |
| Alan Durnan | √ | √ | √ | √ | √ |
| John Garry | √ | √ | χ | √ | √ |
| Sean Heading | χ | √ | √ | √ | √ |
| Geraldine Kelly | √ | √ | √ | χ | √ |
| John O'Driscoll an Coimisinéir Cúnta | χ | √ | χ | √ | χ |
| Richard O'Farrell | χ | √ | √ | √ | √ |
| Christy Walters | √ | √ | √ | √ | √ |
| David Smith | χ | χ | χ | √ | √ |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 5 huaire sa bhliain 2019 agus, ar ócáid amháin, bhuail sé le hIniúchóir sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (gan Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i láthair). Is iad Geraldine Kelly (Cathaoirleach), John Garry, Alan Durnan agus Richard O'Farrell na comhaltaí den Choiste. Is é Pat Gooley an Rúnaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá ARC neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn ARC go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann ARC tuarascáil fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.

## Táillí Comhaltaí Boird

Íocadh táillí €58,140 le comhaltaí Boird sa bhliain 2019 (2018: €63,911) mar seo a leanas:

| Comhalta Boird | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Noel Lappin | 11,970.00 | 11,970.00 |
| Padraic Cafferty | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Alan Durnan | 7,695.00 | 9,618.75 |
| Sean Heading | 7,695.00 | 9,618.75 |
| Geraldine Kelly | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Richard O'Farrell | 7,695.00 | 9,618.75 |
| Christy Waters | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Eilish McCormack | -- | N/A |
| David Smith | -- | N/A |
| John O'Driscoll | -- | -- |
| John Garry | -- | -- |
| Bryan Redmond | N/A | -- |
| Siobhan Cleary | N/A | -- |

Ciallaíonn n/b nach raibh an duine ina c(h)omhalta den Bhord sa bhliain sin.

# An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais na Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

## Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad**

| Raon na Sochar Fostaithe Iomlán | | | Líon Fostaithe Employees | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | G | 2019 | 2018 |
| €60,000 | - | €69,999 | 3 | 4 |
| €70,000 | - | €79,999 | 2 | 2 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 0 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 1 |
| €100,000 | - | €110,000 | 1 | 0 |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| - Seirbhísí Comhairleacha | **94,061** | 67,593 |
| - Caidreamh poiblí/margaíocht | **223,807** | 204,729 |
| - Eile | **30,399** | 24,226 |
| **Costais Dlí** | | |
| - Táillí dlí | **13,346** | 30,924 |
| - Comhairle dlí | **11,471** | 17,585 |
| **Fáilteachas** | | |
| - Fáilteachas | **920** | 1,755 |
| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | | |
| - Taisteal Intíre Comhaltaí Boird | **2,348** | 2,532 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Comhaltaí Boird | **Nil** | **Nil** |
| - Taisteal Intíre Fostaithe | **101,657** | 82,677 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Fostaithe | **6,520** | 4,170 |
| **Tuarastal/Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| - Tuarastal | **101,498** | 99,458 |
| - Taisteal/Cothú | **7,872** | 8,726 |

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun an Cód a chomhlíonadh. Leanfaidh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus tabharfaidh sé aird ar aon mhíreanna neamhchomhlíonta a sainaithneoidh na hiniúchóirí faoi seach iad as seo amach.

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 25 Bealtaine 2020






350
300
250
200
150
100
50
0
75%
JA FE MA AP MY JU JY AU SE OC NO DE
20%
15%
35%
30%


SECU
TY



# RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mbord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

## Bainistíocht Riosca

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird (ARC) le chéile cúig huaire sa bhliain 2019. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i gleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus á athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnaithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe;

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bhainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. Tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Bearta Breise Rialaithe

Áiríodh leis na bearta breise rialaithe le linn 2019 iniúchadh comhlíontachta athbhreithnithe inmheánaigh le ceanglais GDPR laistigh den Údarás.

## Soláthar

Sa bhliain 2019, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt an Comhionannais i dtaca le sonraisc a íoc.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2019 a chur i gcrích sa bhliain 2020. De bhreis air sin, i ndiaidh próisis tairisceana in 2019, ceapadh feabhas an Bhoird chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an mBord agus cuireadh na torthaí i láthair don Bhord ag cruinniú mhí na Samhna. Chuir Cathaoirleach an Bhoird a lámh le Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2019 ag an gcruinniú Boird a cuireadh ar siúl an 25 Bealtaine 2020.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2019 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach:  Dáta: 25 Bealtaine 2020

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach:  Dáta: 25 Bealtaine 2020

# RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | | **3,324,885** | | 2,697,417 |
| Táillí Ceadúnais | 3 | | **3,288,779** | | 2,468,967 |
| Cigireacht | 16 | | **1,854** | | 1,475 |
| | | | **6,615,518** | | 5,167,859 |
| Aistriú ó/(chuig an) gCuntas Caipitil | 9 | | **(31,390)** | | 58,494 |
| | | | **6,584,128** | | 5,226,353 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais Foirne | 4 | **2,324,693** | | 2,053,429 | |
| Riarachán | 5 | **969,887** | | 703,195 | |
| Caiteachas Iomlán | | **3,294,580** | | 2,756,624 | |
| Barrachas don bhliain roimh mhéideanna a cuireadh ar aghaidh | | | **3,289,548** | | 2,469,729 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 3 | | **(3,445,654)** | | (2,418,245) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | | **(156,106)** | | 51,484 |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | | **208,694** | | 157,210 |
| **Barrachas ag an 31 Nollaig** | | | **52,588** | | 208,694 |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

# RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | 2019 € | 2019 € | 2018 € | 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **6** | | **212,061** | | 180,671 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Méideanna infhaighte | 7 | **9,385** | | 9,211 | |
| Banc agus airgead | | **54,225** | | 209,940 | |
| Fardal | | **5,290** | | 5,155 | |
| | | | **68,900** | | 224,306 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Méideanna iníoctha | **8** | | **16,312** | | 15,612 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **52,588** | | 208,694 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **264,649** | | 389,365 |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **9** | | **212,061** | | 180,671 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe | | | **52,588** | | 208,694 |
| | | | **264,649** | | 389,365 |

**Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain | **(156,106)** | 51,484 |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | **59,052** | 58,494 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | **31,390** | (58,494) |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardal | **(135)** | 623 |
| (Méadú)/Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte | **(174)** | (809) |
| Méadú /(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | **700** | **0** |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(65,273)** | 51,298 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **(90,442)** | (0) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **(155,715)** | **51,298** |

**RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | **209,940** | 158,642 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | **54,225** | **209,9405** |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead | **(155,715)** | **51,298** |

**Tá nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 25 Bealtaine 2020

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## 1. RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

### A. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004. Tá a cheannoifig lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann. Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Slándála Príobháidí.

### B. BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

### C. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar na táillí a bhailítear a chur ar aghaidh ar bhonn míosúil chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ní aithnítear dliteanas i leith aon táillí a fhaightear sa mhí dheireanach den bhliain chuntasaíochta agus a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn an bhliain ina dhiaidh sin.

### D. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Taifeadtar deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid a fhaightear. Is é atá i ndeontas ón Oireachtas ná cistí a thugtar don údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, áit a n-íocann an Roinn costais tuarastail agus riaracháin go díreach.

### E. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, nó de réir margadhluach measta, lúide dímheas carntha.

Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an Mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán & Feistis | 10% |
| Trealamh TF | 20% |
| Córas Athnuachana ar Líne | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|

## 2. OIREACHTAS GRANT

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Fo-Mhírcheann B16 de Vóta 24 – Dlí agus Ceart agus Comhionannas<br>- le haghaidh pá agus costais riaracháin ghinearálta | **3,324,885** | 2,697,417 |

## 3. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Tá an timthriall ceadúnais ina thimthriall dhá bhliain do chonraitheoirí agus ina thimthriall trí bliana do dhaoine aonair. Bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag conraitheoirí le hathnuachan i mbliain 1 agus bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag daoine aonair le hathnuachan i mbliain 2 den timthriall 3 bliana. Cé gurb airde an líon iarratas a fhaightear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí, is ísle an t-ioncam táillí ceadúnais a ghnóthaítear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí. Dá bhrí sin, bíonn ioncam táillí an údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthriall ceadúnais.

### Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe a bhí le cur ar aghaidh i dtús na bliana | **209,881** | 158,603 |
| Muirir bhainc sa bhliain | **(772)** | (919) |
| Ioncam táillí ceadúnais sa bhliain | **3,288,779** | 2,468,967 |
| Ioncam Cigireachta | **1,854** | 1,475 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | **3,445,654** | **2,418,245** |
| Méid a bhí le cur ar aghaidh ag deireadh na bliana | **54,088** | **209,881** |

## 4. COSTAIS FOIRNE

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | **2,214,169** | 1,964,049 |
| Taisteal agus cothú - Náisiúnta | **104,004** | 85,210 |
| Taisteal agus cothú - Idirnáisiúnta | **6,520** | **4,170** |
| | **2,324,693** | 2,053,429 |

Bhí 50 ball foirne fostaithe ag an Údarás ag an 31 Nollaig 2019 (2018: 45).

## 5. RIARACHÁN

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| Seirbhísí comhairleachta | 94,061 | 67,593 |
| Comhairle dlí | 11,471 | 17,585 |
| Táille Iniúchóireachta | 11,700 | 11,000 |
| Táille cuntasaíochta | 4,612 | 4,612 |
| Caidreamh poiblí / Margaíocht | 223,807 | 204,729 |
| Eile | 30,399 | 24,226 |
| **Ginearálta** | | |
| Speansais oifige | 85,095 | 76,775 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 58,140 | 63,911 |
| Costais chumarsáide | 157,316 | 60,177 |
| Costais cheadúnúcháin | 68,013 | 55,623 |
| Dímheas | 59,052 | 58,494 |
| Deisiúchán agus cothabháil | 16,294 | 4,357 |
| Cigirí Seachtracha | 5,700 | 8,400 |
| Costais eile TF | 127,492 | 1,668 |
| **Costais Dlí** | | |
| Táillí dlí | 13,346 | 30,924 |
| **Fáilteachas** | | |
| Fáilteachas | 920 | 1,755 |
| **An Bord Achomhairc** | 2,469 | 11,366 |
| | 969,887 | 703,195 |

# 6. RÉADMHOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Feistis | Trealamh TF | Córas Athn-uachana ar Líne | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 799 | 504,059 | 306,540 | 30,919 | 842,317 |
| Breiseanna | - | 190 | 86,365 | 3,887 | 90,442 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **799** | **504,249** | **392,905** | **34,806** | **932,759** |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 799 | 500,027 | 129,901 | 30,919 | 661,646 |
| Muirear don bhliain | - | 4,070 | 54,917 | 65 | 59,052 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **799** | **504,097** | **184,818** | **30,984** | **720,698** |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **152** | **208,087** | **3,822** | **212,061** |
| **Ag an 1 Eanáir** | **0** | **4,031** | **176,639** | **0** | **180,671** |

## 7. MÉIDEANNA INFHAIGHTE

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 9,385 | 9,211 |

## 8. MÉIDEANNA INÍOCTHA

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táille iniúchóireachta | 11,700 | 11,000 |
| Táille cuntasaíochta | 4,612 | 4,612 |
| | 16,312 | 15,612 |

## 9. CUNTAS CAIPITIL

| | € | 2019 € | € | 2018 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | | 180,671 | | 239,165 |
| Breiseanna | 90,442 | | - | |
| Amúchadh | (59,052) | | (58,494) | |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | | 31,390 | | (58,494) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 212,061 | | 180,671 |

## 10. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 – Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

## 11. AN BORD ACHOMHAIRC UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Cuireadh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach ar bun chun achomhairc in aghaidh breitheanna ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh. Cuimsíonn an Bord Achomhairc Cathaoirleach agus ceathrar comhaltaí. Is é an Rialtas a cheapann an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas a íocann na costais a thabhaíonn an Bord.

## 12. TOBHACH PINSIN

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh phinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. B'ionann é sin agus €66,337 in 2019 (2018: €66,402).

## 13. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus ag fostaithe. Tá treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird ar áireamh sna nósanna imeachta sin agus chloígh an Bord leo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí iontu.

## 14. NÓTA MAIDIR LE CÓIRÍOCHT

Oibríonn an tÚdarás amach as cóiríocht atá suite ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann. Cuireann Oifig na Oibreacha Poiblí an chóiríocht sin ar fáil saor in aisce.

## 15. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2019 comhdhéanta de bhuntuarastal bliantúil €101,498 (2018: €99,458). Ina theannta sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €7,872 i leith speansais taistil agus chothaithe sa bhliain 2019 (2018: €8,726), i gcomhréir le rátaí taistil agus cothaithe na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntas sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta sa bhliain 2019.

## 16. TÁILLÍ CIGIREACHTA

Is é atá i dtáillí Cigireachta ná fíneálacha a ghearrtar i leith neamhchomhlíonadh na rialachán ón Údarás. B'ionann iad agus €1,854 in 2019 (2018: €1,475). Taifeadtar táillí Cigireachta in ioncam táillí ceadúnais.

## 17. CEADÚNÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 25 Bealtaine 2020.






# Aguisíní

# Aguisín 1 – Tuarascálacha Staidrimh

| Tuarascáil 1 – An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2019 de réir Contae agus Inscne | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Contae** | **Maoirseoirí Dorais** | **Gardaí Slándála** | **Airgead Tirim faoi Bhealach** | **CLF** | **Iomlán** | **Fir** | **Mná** |
| Ceatharlach | 148 | 247 | 9 | 48 | **452** | 415 | 37 |
| An Cabhán | 155 | 281 | 5 | 17 | **458** | 433 | 25 |
| An Clár | 239 | 367 | 13 | 2 | **621** | 572 | 49 |
| Corcaigh | 1,304 | 2,246 | 51 | 41 | **3,642** | 3,384 | 258 |
| Dún na nGall | 317 | 297 | 1 | 0 | **615** | 569 | 46 |
| Baile Átha Cliath | 4,239 | 11,783 | 717 | 101 | **16,840** | 15,743 | 1,097 |
| Gaillimh | 889 | 1,217 | 41 | 13 | **2,160** | 2,029 | 131 |
| Ciarraí | 422 | 509 | 2 | 0 | **933** | 877 | 56 |
| Cill Dara | 1,317 | 1,332 | 78 | 35 | **2,762** | 2,604 | 158 |
| Cill Chainnigh | 150 | 233 | 3 | 5 | **391** | 367 | 24 |
| Laois | 271 | 489 | 21 | 6 | **787** | 739 | 48 |
| Liatroim | 89 | 104 | 2 | 2 | **197** | 185 | 12 |
| Luimneach | 585 | 1,197 | 107 | 6 | **1,895** | 1,773 | 122 |
| An Longfort | 179 | 304 | 3 | 0 | **486** | 455 | 31 |
| Lú | 427 | 788 | 20 | 11 | **1,246** | 1,181 | 65 |
| Maigh Eo | 311 | 410 | 4 | 0 | **725** | 678 | 47 |
| An Mhí | 402 | 907 | 51 | 1 | **1,361** | 1,274 | 87 |
| Muineachán | 131 | 183 | 11 | 0 | **325** | 303 | 22 |
| Uíbh Fhailí | 193 | 341 | 7 | 0 | **541** | 513 | 28 |
| Ros Comáin | 145 | 249 | 4 | 0 | **398** | 362 | 36 |
| Sligeach | 172 | 241 | 29 | 0 | **442** | 415 | 27 |
| Tiobraid Árann | 327 | 597 | 10 | 8 | **942** | 882 | 60 |
| Port Láirge | 396 | 822 | 36 | 0 | **1,254** | 1,180 | 74 |
| An Iarmhí | 271 | 551 | 6 | 3 | **831** | 782 | 49 |
| Loch Garman | 362 | 559 | 10 | 24 | **955** | 893 | 62 |
| Cill Mhantáin | 244 | 581 | 32 | 26 | **883** | 826 | 57 |
| Tuaisceart Éireann | 71 | 78 | 19 | 121 | **289** | 260 | 29 |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 3 | 7 | 0 | 87 | **97** | 78 | 19 |
| Eile | 0 | 1 | 0 | 26 | **27** | 9 | 18 |
| Iomlán | **13,759** | **26,921** | **1,292** | **583** | **42,555** | **39,781** | **2,774** |
| % den Iomlán | **32.3%** | **63.3%** | **3.0%** | **1.4%** | **100%** | **93.5%** | **6.5%** |

**Eochair**

CLF – Ceadúnas Lárionad Faireacháin

# Aguisín 2 – Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 2 – An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2019 de réir Contae**

| Contae | MD(SI) | MD(ÁC) | G | IP | SGAM | GS(FA) | GS(FTCI) | GS(S) | S(SL) | ATB | Iomlá |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 0 | 1 | 6 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 16 | 0 | **27** |
| An Cabhán | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 21 | 0 | **26** |
| An Clár | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 17 | 0 | **24** |
| Corcaigh | 3 | 3 | 19 | 7 | 4 | 4 | 3 | 10 | 97 | 0 | **150** |
| Dún na nGall | 1 | 1 | 5 | 2 | 0 | 0 | 1 | 3 | 14 | 0 | **27** |
| Baile Átha Cliath | 14 | 20 | 72 | 39 | 9 | 6 | 19 | 78 | 288 | 3 | **548** |
| Gaillimh | 1 | 3 | 11 | 6 | 1 | 1 | 2 | 9 | 61 | 0 | **95** |
| Ciarraí | 0 | 0 | 7 | 1 | 0 | 0 | 1 | 5 | 26 | 0 | **40** |
| Cill Dara | 2 | 3 | 13 | 7 | 1 | 1 | 3 | 11 | 61 | 0 | **102** |
| Cill Chainnigh | 1 | 1 | 5 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 16 | 0 | **28** |
| Laois | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 0 | 1 | 2 | 17 | 0 | **26** |
| Liatroim | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 0 | **5** |
| Luimneach | 0 | 0 | 3 | 2 | 1 | 1 | 0 | 4 | 43 | 0 | **54** |
| An Longfort | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 10 | 0 | **16** |
| Lú | 1 | 1 | 6 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 35 | 0 | **49** |
| Maigh Eo | 1 | 1 | 5 | 3 | 0 | 0 | 1 | 1 | 13 | 0 | **25** |
| An Mhí | 2 | 2 | 12 | 5 | 0 | 0 | 1 | 9 | 53 | 0 | **84** |
| Muineachán | 1 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 | 1 | 2 | 13 | 0 | **22** |
| Uíbh Fhailí | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 13 | 0 | **18** |
| Ros Comáin | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 0 | **12** |
| Sligeach | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 10 | 0 | **17** |
| Tiobraid Árann | 1 | 1 | 5 | 3 | 0 | 0 | 2 | 7 | 39 | 0 | **58** |
| Port Láirge | 1 | 1 | 6 | 2 | 0 | 0 | 2 | 6 | 17 | 1 | **36** |
| An Iarmhí | 2 | 2 | 3 | 8 | 0 | 0 | 2 | 3 | 17 | 0 | **37** |
| Loch Garman | 2 | 2 | 10 | 1 | 1 | 1 | 2 | 4 | 21 | 0 | **44** |
| Cill Mhantáin | 0 | 1 | 7 | 4 | 1 | 1 | 0 | 5 | 41 | 0 | **60** |
| Tuaisceart Éireann | 1 | 1 | 5 | 5 | 5 | 6 | 1 | 3 | 36 | 0 | **63** |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 2 | 1 | 1 | 6 | 9 | 6 | 2 | 2 | 7 | 0 | **36** |
| **Iomlán** | **38** | **48** | **220** | **108** | **34** | **29** | **47** | **184** | **1,017** | **4** | **1,729** |
| **% den Iomlán** | **2.2%** | **2.8%** | **12.7%** | **6.2%** | **2.0%** | **1.7%** | **2.7%** | **10.6%** | **58.8%** | **<0.5%** | **100%** |

**Eochair**

MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G – Glasadóir
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach

## Aguisín 3 – Tuarascáil Fuinnimh

Sa bhliain 2019, ba iad ola teasa agus leictreachas na príomhfhoinsí úsáide fuinnimh san Údarás go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh, ar rátáil í atá os cionn an mheáin d'fhoirgneamh den sórt sin.

Is mar seo a leanas úsáid fuinnimh na hoifige in 2019:

| Foirgneamh an Údaráis | |
|---|---|
| Neamhleictreach (ola) | Leictreach |
| 84,284 kWh | **48,347 kWh** |

Léiríonn sé sin laghdú 6.6% in úsáid fuinnimh i gcomparáid leis an méid a úsáideadh in 2018. Tá an laghdú ina thoradh ar roinnt bearta a chuir Foireann Fuinnimh an Údaráis i bhfeidhm:

- Rinneadh athbhreithniú ar an úsáid teasa, chomh maith leis sin laghdaigh ár gcomhairleoir fuinnimh na huaireanta teasa a bhí ag teastáil uainn.
- Feasacht agus oiliúint foirne. Tá comharthaí ar fud an fhoirgnimh a mheabhraíonn don fhoireann leictreachas a chaomhnú agus a bheith aireach ar an úsáid a bhainimid as. Chuir ár gComhairleoir Fuinnimh oiliúint ar fáil don fhoireann chun cur le feasacht agus caomhnú.

Chomh maith leis sin, d'éirigh an tÚdarás as plaistigh aonúsáide a cheannach in 2019, agus tá tuilleadh béime curtha ag an Údarás ar athchúrsáil trí araidí breise deighilte agus ábhar feasachta a chur ar fáil.

Glacann an tÚdarás páirt sa chóras ar líne SeaI chun críche a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (úsáid deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh) 2009 (I.R. uimh. 542 de 2009).

# Teagmháil

The Private Security Authority
An tÚdarás Slándála Príobháidí


## An tÚdarás Slándála Príobháidí

**Sráid an Dáibhisigh**
**Baile Thiobraid Árann**
**Co. Thiobraid Árann**
**E34 PY91**

**T: 062-32600**
**R: info@psa.gov.ie**
**G: www.psa.gov.ie**


### An Rannóg um Cheadúnú

**T:** 062-32606, 062-32635, 062-32614, 062-32621, 062-32624, 062-32627, 062-32661

**E:** contractors@psa.gov.ie

### An Rannóg un Cheadúnú

**T:** 062-32600

**E:** licensing@psa.gov.ie

### An Rannóg Comhlíonta agus Cigireachta

**T:** 062-32628, 062-32640

**E:** enforcement@psa.gov.ie

### An Rannóg Cáilíochta agus Caighdeán

**T:** 062-32636, 062-32616, 062-32659

**E:** **standards@psa.gov.ie**

### An Rannóg Gnóthaí

**T:** 062-32622, 062-32633

**E:** **info@psa.gov.ie**

An tÚdarás Slándála Príobháidí
Sráid an Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann
Co. Thiobraid Árann
E34 PY91

T: 062-32600
E: info@psa.gov.ie
W: www.psa.gov.ie

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority